**Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú nach mionleasú é, ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** ([1]) **maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2025/1170)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

**Iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht**

**'Spišské párky'**

**Uimh. AE: TSG-CZ+SK-0051-AM01 – 25.9.2023**

1. **Ainm an táirge**

'Spišské párky'

2. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

Slovenský zväz spracovateľov mäsa [Comhlachas Próiseálaithe Feola na Slóvaice]
Einsteinova 3754/25
85101 An Bhratasláiv — mestská časť Petržalka

Teileafón +421 902947522

Seoladh ríomhphoist: slovmaso@gmail.com

Český svaz zpracovatelů masa [Comhlachas Próiseálaithe Feola na Seice]
Einsteinova 319/126
142 00 Praha — Libuš-Písnice

Teileafón +420 234697755

Seoladh ríomhphoist: sekretariat@cszm.cz

Déanann Slovenský zväz spracovateľov mäsa agus Český svaz zpracovatelů masa ionadaíocht ar tháirgeoirí Spišské párky (STR). Léiríodh le haiseolas ón margadh agus le cleachtadh bailithe faisnéise ina dhiaidh sin go líontar Spišské párky a chuireann táirgeoirí ar an margadh i gcásálacha stéige caorach atá de thrastomhais éagsúla idir 18/20 mm agus 22/24 mm, rud atá i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 159/2011 ón gCoimisiún ([3]) is infheidhme lena gcuirtear isteach an t-ainm Spišské párky (STR) i gClár na Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht agus ina bhfuil an tsonraíocht táirge san iarscríbhinn a ghabhann leis.

Mar sin féin, léiríodh leis an gcleachtadh bailithe faisnéise freisin go raibh meáchan ispíní Spišské párky (STR) i gcásálacha stéige caorach atá de thrastomhais idir 18/20 mm agus 22/24 mm idir 40 g agus 65 g, rud nach bhfuil i gcomhréir leis an bparaiméadar tuairisciúil is infheidhme faoi láthair maidir le meáchan ispíní aonair.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 159/2011 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2011 lena gcuirtear ainm isteach i gclár na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht (Spišské párky (STR)) (IO L 47, 22.2.2011, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/159/oj).

Chun táirgeadh Spišské párky (STR) a chaomhnú sa chríoch lena mbaineann, molaimid an raon meáchain a athshainiú mar 40 g – 65 g, rud atá chun leasa na dtáirgeoirí uile a dhéanann Spišské párky (STR).

3. **Ballstát nó tríú tír**

Poblacht na Slóvaice

Poblacht na Seice

4. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear**

☐ Ainm an táirge

☒ Tuairisc ar na táirgí

☐ Modh táirgthe

☐ Eile [sonraigh]

5. **Leasú (nó leasuithe)**

An fhoclaíocht reatha:

3.5. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia lena mbaineann an t-ainm faoi phointe 3.1:*

Bíonn 'Spišské párky' i gcásálacha stéige caorach atá suas le 24 mm ar trastomhas agus déantar iad a dheighilt trí chasadh. Bíonn meáchan thart ar **50 g** sna hispíní aonair. Bíonn dath bándearg-dearg orthu de ghnáth, mar gheall ar an mblastanas paipririce, agus bíonn blas beagán goinbhlasta orthu.

An fhoclaíocht a mholtar:

3.5. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia lena mbaineann an t-ainm faoi phointe 3.1:*

Bíonn 'Spišské párky' i gcásálacha stéige caorach atá suas le 24 mm ar trastomhas agus déantar iad a dheighilt trí chasadh. Bíonn meáchan idir **40 g agus 65 g** sna hispíní aonair. Bíonn dath bándearg-dearg orthu de ghnáth, mar gheall ar an mblastanas paipriice, agus bíonn blas beagán goinbhlasta orthu.

Foras leis an iarratas ó Slovenský zväz spracovateľov mäsa ar leasú ar shonraíocht táirge Spišské párky (STR):

Léiríodh leis an gcleachtas nach bhfuil an fhoclaíocht atá ann faoi láthair i sonraíocht táirge STR SK-TSG-0007-0051-18.1.2007 le haghaidh 'Spišské párky' a foilsíodh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 509/2006 ón gComhairle ([4]) ina luaitear meáchan na n-ispíní aonair mar 'thart ar 50 g' rud nach bhfuil réalaíoch mar gheall ar na cásálacha stéige caorach a úsáidtear, atá idir 18/20 mm agus 22/24 mm ar trastomhas, agus dá bhrí sin is gá í a leasú.

I gcomhaontú le Český svaz zpracovatelů masa, an eagraíocht a chláraíonn an STR le haghaidh Spišské párky go comhpháirteach, rinne Slovenský zväz spracovateľov mäsa suirbhé ar mhargadh na Slóvaice, lenar cumhdaíodh – ar tuairim mheáite – 90 % de tháirgeoirí na Slóvaice maidir leis an méid Spišské párky (STR) a tháirgtear.

Léiríodh leis na sonraí a bailíodh go bhfuil an Spišské párky a chuireann táirgeoirí na Slóvaice ar an margadh i gcásálacha stéige caorach atá de thrastomhais éagsúla idir 18/20 mm agus 22/24 mm, rud atá i gcomhréir le pointe 3.5 atá ann faoi láthair de shonraíocht táirge STR SK-TSG-0007-0051-18.01.2007 a foilsíodh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 509/2006 ón gComhairle.

Sa suirbhé, chuir táirgeoirí na Slóvaice in iúl freisin go raibh orthu cásálacha de thrastomhais éagsúla laistigh den raon sainithe a úsáid toisc nach raibh trastomhais áirithe de chásáil stéige caorach ar fáil tráthanna áirithe nó mar gheall ar riachtanais shonracha custaiméirí, chun bheith in ann Spišské párky (STR) a chur ar an margadh sna cainníochtaí a cheanglaítear.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 509/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le táirgí talmhaíochta agus táirgí bia mar shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht (IO L 93, 31.3.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/509/oj).

Léirigh na sonraí a bailíodh freisin, le trastomhais na cásála a úsáideadh idir 18/20 mm agus 22/24 mm, go raibh meáchan Spišské párky aonair (STR) sa raon **40 g – 65 g**. Léirigh pléití freisin nach ndéanann trastomhas an chásála amháin difear don mheáchan ispíní, ach déanann fad na n-ispíní féin difear dó freisin.

An tráth céanna, déanann an teicneolaíocht mhonaraíochta a úsáidtear difear do mheáchan deiridh na n-ispíní aonair freisin, toisc go n-áirithíonn líontóirí, a chasann na cásálacha go huathoibríoch, níos lú éagsúlachta i meáchan ispíní le linn an phróisis líonta ná i gcás casadh láimhe.

Ionas nach gcuirfear teorainn le táirgeadh Spišské párky (STR) agus chun an teicneolaíocht nó an cineál táirgthe níos ceardaíochta a úsáideann táirgeoirí áirithe a chur san áireamh, molaimid go nglacfaí go hiomlán leis na sonraí a bhailítear maidir le meáchan ispíní aonair agus go saineofaí an raon meáchain mar **40 g – 65 g**, rud atá chun leasa tháirgeoirí uile Spišské párky (STR).

SONRAÍOCHT TÁIRGE LE hAGHAIDH SAINEARRA TRAIDISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT

**'Spišské párky'**

**Uimh. AE: TSG-CZ+SK-0051-AM01 – 25.9.2023**

Ballstát nó tríú tír: Poblacht na Seice agus Poblacht na Slóvaice

1. **Ainm le clárú**

'Spišské párky'

2. **Cineál an táirge**

Aicme 1.2. Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)

3. **An foras le clárú a dhéanamh**

***Tá an táirge:***

☒ mar thoradh ar mhodh táirgthe, ar mhodh próiseála nó ar mhodh comhdhéanaimh a fhreagraíonn do chleachtas traidisiúnta maidir leis an táirge sin nó leis an táirge bia sin;

☐ táirgtear é ó amhábhair nó ó chomhábhair arb iad a úsáidtear go traidisiúnta.

Eascraíonn carachtar sonrach 'Spišské párky' as comhdhéanamh agus méideanna coibhneasta na gcomhábhar agus na mblastanas a úsáidtear, as míne na maise aonchineálaí, as úsáid cásálacha stéige caorach, agus as a dtréithe fisiceacha agus ceimiceacha agus orgánaileipteacha.

***An t-ainm:***

☒ ☒ tá sé in úsáid go traidisiúnta chun tagairt a dhéanamh don táirge sonrach;

☐ aithníonn sé carachtar traidisiúnta nó carachtar sonrach an táirge.

Tá an t-ainm 'Spišské párky' sonrach ann féin toisc go bhfuil sé seanbhunaithe agus aitheanta sa tSlóvaic agus i bPoblacht na Seice araon, go bhfuil traidisiún fada aige agus dea-cháil air agus go mbaineann sé le 'párky' [ispíní] de chineál ar leith.

4. **Tuairisc**

4.1. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm faoi phointe 1 maidir leis, lena n-áirítear a phríomhthréithe fisiceacha, ceimiceacha, micribhitheolaíocha nó orgánaileipteacha lena léirítear saintréith shonrach an táirge (Airteagal 7(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún* [5]*)*

Bíonn 'Spišské párky' i gcásálacha stéige caorach atá suas le 24 mm ar trastomhas agus déantar iad a dheighilt trí chasadh. Bíonn meáchan idir 40 g agus 65 g sna hispíní aonair. Bíonn dath bándearg-dearg orthu de ghnáth, mar gheall ar an mblastanas paiprice, agus bíonn blas beagán goinbhlasta orthu.

Tréithe fisiceacha:

Sreangán leanúnach, roinnt méadar ar fad, scartha le casadh.

Tréithe ceimiceacha

Cion saille: uasmhéid 24 % ± 4 %

Cion salainn: uasmhéid 2 % ± 0.4 %

Glanmhéid próitéine matáin 10 % ar a laghad de réir meáchain.

Tréithe orgánaileipteacha

— cuma agus dath seachtrach: táirge i sreangán leanúnach atá i gcásáil stéige caorach suas le 24 mm ar trastomhas, agus iad deighilte leis an stéig a chasadh chun ispíní aonair a dhéanamh díobh, iad mín ar an dromchla nó beagán rocach, dath oráiste-donn orthu, idir snasta agus neamhlonrach;

— cuma agus dath an dromchla ghearrtha: dath scoth-bhándearg agus iad gearrtha, de bharr paiprice, ceadaítear cáithníní collaigine beaga;

— boladh agus blas: dea-bholadh deas úrdheataithe, beagán te, goirt go hiomchuí, súmhar sa bhéal nuair a théitear suas iad;

— raimhre: idir bog agus dlúth.

Eascraíonn carachtar sonrach 'Spišské párky' as an méid seo a leanas:

— comhdhéanamh agus méideanna coibhneasta na gcomhábhar agus na mblastanas a úsáidtear;

— míne na maise aonchineálaí;

— úsáid na gcásálacha stéige caorach;

— a dtréithe fisiceacha agus ceimiceacha agus orgánaileipteacha.

Comhdhéanamh agus méideanna coibhneasta na gcomhábhar agus na mblastanas a úsáidtear agus míne na maise aonchineálaí

Tugtar carachtar sonrach 'Spišské párky' leis na comhábhair a úsáidtear de réir oideas seanbhunaithe, is é sin: mairteoil agus muiceoil, mar aon le craiceann muiceola, a fhitear isteach i mais mhín aonchineálach, a bhfuil a míne difriúil go soiléir ó mhíne ispíní eile. Is gné shonrach freisin é meascán de phaiprice dearg milis meilte agus te meilte a úsáid, mar a léirítear san oideas.

Cásálacha stéige caorach a úsáid

Gné shonrach eile de 'Spišské párky' is ea go n-úsáidtear cásálacha stéige caorach, lena n-áirithítear go bhfuil siad inaitheanta go soiléir don tsúil ó ispíní eile.

Tréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha

Trí chloí le gach céim den táirgeadh a áirítear sa tsonraíocht, áirithítear go mbíonn boladh agus blas uathúil ar an táirge.

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/668/oj).

Is gné shonrach í cócaireacht roimh thomhaltas. Níor cheart ligean don uisce ina bhfuil an táirge cócaráilte fiuchadh, toisc go bhféadfadh an chásáil nádúrtha pléascadh. Dá bpléascfadh stéig na gcaorach, d'fhéadfadh an táirge a shúmhaireacht a bhaineann go sonrach leis a chailleadh. Is iad saintréithe 'Spišské párky' tar éis cócaireachta a súmhaireacht agus blas fíneálta goinbhlasta an phaiprice.

Ciallaíonn méideanna coibhneasta na gcomhábhar a úsáidtear ina dtáirgeadh atá sainithe go beacht go ndéanann 'Spišské párky' torann scoilte sainiúil nuair a bhristear iad nó nuair a bhaintear greim astu, agus déanann sé sin idirdhealú soiléir idir iad agus cineálacha eile ispíní.

4.2. *Tuairisc ar mhodh táirgthe an táirge lena mbaineann an t-ainm faoi phointe 1 maidir leis agus ar modh táirgthe é nach mór do na táirgeoirí a leanúint lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cineál agus saintréithe na n-amhábhar nó na gcomhábhar a úsáidtear, agus an modh ina n-ullmhaítear an táirge (Airteagal 7(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014).*

Is iad na comhábhair a úsáidtear chun 'Spišské párky' a tháirgeadh mairteoil úr ina bhfuil cion saille suas le 10 %, muiceoil úr ina bhfuil cion saille suas le 10 %, muiceoil úr ina bhfuil cion saille suas le 50 %, craiceann muiceola, uisce inólta, meascán saillte nítríte, paiprice milis meilte (100 ASTA), paiprice te meilte, polafosfáití E 450 agus E 451 (3 g/kg, arna shloinneadh mar $P_2O_5$), aigéad ascorbach E 300 (0,5 g/kg), agus cásálacha stéige caorach.

Tá na nithe seo a leanas i 100 kg de 'Spišské párky' mar tháirge críochnaithe:

— mairteoil ina bhfuil cion saille suas le 10 % – 21,2 kg

— muiceoil ina bhfuil cion saille suas le 10 % – 21,0 kg

— muiceoil ina bhfuil cion saille suas le 50 % – 38,0 kg

— craiceann muiceola – 12,0 kg

— uisce inólta – 21,0 kg

— meascán saillte nítríte (chun an fheoil a shailleadh) – 2,1 kg

— paiprice milis meilte (100 ASTA) – 0,62 kg

— paiprice te meilte – 0,62 kg

— polafosfáití (E 450 agus E 451) – 0,30 kg

— aigéad ascorbach (E 300) – 0,05 kg

— cásáil – stéig chaorach.

Nós imeachta teicniúil

Tá an mhairteoil agus an mhuiceoil réamh-ghearrtha ar dtús agus ansin mionghearrtha go mín i miontóir nó mionghearrtha suas go mín i meaisín gearrtha. Cuirtear an craiceann muiceola isteach agus fitear na comhábhair i mais mhín aonchineálach. Cuirtear meascán de phaiprice milis meilte agus paiprice te meilte agus meascán saillte nítríte isteach ansin, lena n-áirítear na breiseáin (polafosfáití E 450 agus E 451 agus aigéad ascorbach E 300). Cuirtear an meascán sin isteach i stéigeacha caorach suas le 24 mm ar trastomhas. Déantar na hispíní aonair a dheighilt trí chasadh ionas go mbeidh meáchan thart ar 50 g i ngach ispín. Crochtar na táirgí críochnaithe, i sreangán leanúnach, ar mhaidí a chuirtear i seomra deataigh, ina ndéantar na táirgí a thriomú agus a dheatú. Déantar iad a dheatú i ndeatach te ag suas le 68 °C ar feadh tréimhse nach faide ná 45 nóiméad. Cócaráiltear na táirgí deataithe ansin ag teocht 71-76 °C go dtí go sroicheann lár an táirge teocht 70 °C. Ní mór an teocht sin a choinneáil ar bun i lár an táirge ar feadh 10 nóiméad ar a laghad. Tar éis na cócaireachta, croitear uisce fuar ar na táirgí agus fágtar iad le fuarú go mall go dtí nach mó ná 4 °C an teocht sa lár.

Áirítear an méid seo a leanas sna seiceálacha sainordaitheacha:

— cloí le méideanna coibhneasta sonraithe na mairteola, na muiceola agus an chraicinn muiceola a úsáidtear mar chomhábhair.

Chun ‘Spišské párky’ a tháirgeadh, is gá faireachán a dhéanamh ar ullmhú na mairteola agus na muiceola, lena mbaineann roghnú na gcomhábhar agus na gcainníochtaí díobh de réir chéatadán na saille;

— tar éis an mhairteoil agus an mhuiceoil a phróiseáil, seiceáiltear cur isteach an chraicinn muiceola;

— seiceálacha ar mhíne na maise aonchineálaí; cinntear aonchineálacht agus míne na maise trí amharc agus tadhall;

— cloí leis na méideanna coibhneasta sonraithe de phaiprice dearg meilte milse agus te, ag a bhfuil déine datha 100 ASTA.

Seiceáiltear cur isteach chainníocht an mheascáin de phaiprice milis meilte (100 ASTA) agus paiprice te meilte, an meascán nítríte, lena n-áirítear na breiseáin (polafosfáítí E 450 agus E 451 agus aigéad ascorbach E 300) agus uisce;

— seiceálacha ar úsáid cásálacha stéige caorach, a dhéantar ar bhonn nóta seachadta an tsoláthróra;

— seiceálacha ar thréithe orgánaileipteacha an táirge chríochnaithe (cuma agus dath seachtrach, cuma agus dath an dromchla nuair a ghearrtar é, uigeacht, boladh agus blas); déantar na seiceálacha sin ó amharc agus trí bhíthin anailís chéadfach ag deireadh an phróisis táirgthe chun comhlíontacht na saintréithe a shonraítear i bpointe 3.5 den tsonraíocht a fhíorú;

— seiceálacha ar thréithe fisiceacha agus ceimiceacha an táirge chríochnaithe: trastomhas uasta na stéige caorach agus meáchan ispín aonair; ní mór do na luachanna freagairt do na luachanna a shonraítear faoi phointe 3.5 sa tsonraíocht.

Déanann an t-údarás nó ag comhlacht a fhíoraíonn comhlíontacht na sonraíochta táirge seiceálacha uair sa bhliain.

4.3. *Tuairisc ar na príomheilimintí lena mbunaítear saintréith thraidisiúnta an táirge (Airteagal 7(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014)*

Téann táirgeadh ‘Spišské párky’ siar níos mó ná céad bliain sa tSlóvaic. Taifeadadh é den chéad uair nuair a bhain búistéir áitiúil in Spišské Podhradie, Štefan Varsányi, leas as na cuairteanna a thug uaisle na hUngáire go minic ar na haontaí móra a tionóladh ag bun Chaisleán Spiš.

Thosaigh sé le ‘Spišské párky’ a dhíol ag na haontaí sin mar dhíol spéise ar leith. Is léir gur éirigh go han-mhaith lena oideas, bunaithe ar mheascán íogair blastanas le paiprice milis agus te, toisc go raibh sé á ndíol san Ungáir agus sa Pholainn freisin tar éis tamaill.

Éascaíodh onnmhairí ‘Spišské párky’ trí thógáil iarnród Košice-Bohumín agus a chraobhlíne chuig Spišské Vlachy agus Spišské Podhradie, i measc nithe eile. Go luath ar maidin, pacáladh ispíní i mboscaí speisialta agus cuireadh iad ar an gcéad traein ar maidin ó Spišské Podhradie, agus ag meán lae bhí siad réidh le lucht gourmet Bhúdaipeist a bhlaiseadh (František Žifcák, Kronika mesta Spišské Podhradie slovom i obrazom, Mesto Spišské Podhradie, 1988).

Go deimhin, dúirt an scríbhneoir clúiteach Slóvacach Emo Bohúň freisin ó thaithí: ‘Bhí “Spišské párky” suaiteach achrannach agus ba mhinic go ndearna siad mí-iompar. Níorbh fhéidir iad a ithe le scian agus forc, nó níorbh fhéidir iad a bhriseadh ar oscailt ar nós ispíní eile den chineál céanna [viršle]. Bhí ort iad a thógáil idir do mhéara, iad a líonadh isteach i do bhéal, do liopaí a chur timpeall orthu agus gan greim a fháil orthu go dtí ansin. Bhí go leor súnna paiprice-insilte acu laistigh dá gcraicne ata, agus dá mbrisfimis nó dá ngearrfaimis iad ar oscailt nó dá ligfimis forc isteach iontu, bheadh na súnna dearga sin tar éis céad méadar a sceitheadh san aer i ngach treo. D’fhéadfadh siad a bheith an-úsáideach d’fhir dhóiteáin, in ionad a bpíobán nó a múchtóirí dóiteáin.’ (Štefan Žáry, Zlatoústi rozprávači, an Bhratasláiv, Slovenský spisovateľ 1984.)

Chomh maith le Štefan Varsányi, áirithíodh le táirgeoirí 'Spišské párky' suas go dtí 1938 Grieger agus Blaško in Spišské Podhradie, Slavkovský in Spišské Vlachy, agus Schretter, Schmiedt, Patrilla agus Lešňák in Levoča. In Spišské Podhradie sna 1940idí, reáchtáladh 'margaí muc' de roinnt cáile ar an Déardaoin, nuair a bhí sé mar nós, dá mba rud é go raibh ceannach agus díol go maith, do thrádálaithe agus do cheannaitheoirí cruinniú thart ar bhoird i dtithe tábhairne (a raibh búistéirí a rinne feoil dheataithe ina n-úinéirí orthu) agus 'viršle' a ordú, mar a bhí aithne ar 'Spišské párky' sna laethanta sin. Díoladh iad ag gach stáisiún iarnróid.

A luaithe a stopadh traein, ghlaodh duine ag barr a ghutha, 'Spišské páááááááááááááááárky, viršle, viršličky...!' (Viršle, viršličky, spišské... SME, nuachtán laethúil, an Bhratasláiv: Petit Press, 7 Meán Fómhair 1996, leathanach 7).

Tá dea-cháil ar 'Spišské párky' ní hamháin i réigiún Spiš, sa tSlóvaic ina hiomláine agus i bPoblacht na Seice, ach i dtíortha eile freisin (Viršle, viršličky, spišské... SME, nuachtán laethúil, an Bhratasláiv: Petit Press, 7 Meán Fómhair 1996, leathanach 7). I measc na ndaoine a thaitin sin go rialta leo bhí an tUachtarán T.G. Masaryk agus an Cunta Albín Csáky, a bhí ina chainteoir ar theach uachtarach Pharlaimint na hUngáire agus ina Aire Oideachais agus Cultúir. Rinne an fear mór le rá sin deimhin de gur cuireadh na hispíní sin ar an mbord ag cruinnithe comh-aireachta na hUngáire (http://www.internet.sk/mediakurier/cei/44.htm). Bhí 'Spišské párky' ar fáil agus tá siad fós ar fáil freisin i dtithe tábhairne na Seice (http://www.inzine.sk/article.asp?art=4214 — Pišťanek Peter: 'Ako som kupoval zámok. Zámockým pánom rýchlo ľahko a rýchlo', 26 Deireadh Fómhair 2000). Bhí siad ina ndlúthchuid de cheiliúradh Lá an Lucht Oibre ('Upršaný Prvý máj na košickom sídlisku železiarov', SME, nuachtán laethúil, an Bhratasláiv: Petit Press, 2 Bealtaine 1997, leathanach 1) agus aontaí éagsúla amhail Aonach Ceardaíochta Tíre (Trh ľudových remesiel) in Spišská Nová Ves, inar cuireadh i láthair, chomh maith le 'Spišské párky', gabhdán a bhí beagnach dearmadta, ach seiftiúil chun iad a chur ar an mbord. Tá an gabhdán seo déanta as cré-earraí agus tá bun dúbailte aige chun uisce a fhiuchadh ionas gur féidir na hispíní a choinneáil te ar feadh tréimhse níos faide ('Česť spišských remeselníkov zachraňovali Košičania na stoloch', SME, nuachtán laethúil, an Bhratasláiv: Petit Press 23 Meán Fómhair 1997, leathanach 1).

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, glacadh caighdeán ar fud Phoblacht na Seicslóvaice, i gcomhthéacs chaighdeánú agus chothabháil na cáilíochta traidisiúnta, lenar bunaíodh comhdhéanamh na gcomhábhar agus lenar sainíodh an modh táirgthe (Caighdeán cáilíochta TP an 8 Meán Fómhair 1954, Aireacht Thionscal an Bhia).

Is léir ó thaifid stairiúla gur athraigh an t-oideas táirge beagán de réir a chéile, le cion mairteola a chur leis an oideas; níor athraigh sé sin cineál ná úsáid an táirge – a mhalairt ar fad, chuir an meascán comhábhar sin feabhas ar a bhlas. (ÚNK 57 7260, 1964).

Is iad sainghnéithe sainiúla an táirge a shúmhaireacht tar éis dó a bheith cócaráilte agus an blas beagán goinbhlasta a thugann an paiprice. Úsáideann táirgeoirí 'Spišské párky' an t-oideas sin fós sa lá atá inniu ann (CSN 57 71 34, ó 1977, agus STN 57 71 34 ina dhiaidh sin).

Tá 'Spišské párky' le fáil go traidisiúnta i gcásálacha stéige caorach nádúrtha (búistéir Štefan Varsányi, caighdeán cáilíochta TP an 8 Meán Fómhair 1954, Aireacht Thionscal an Bhia), atá an-bhriosc, murab ionann agus cineálacha eile stéige. De ghnáth bíonn dea-cháil orthu ní amháin sa tSlóvaic agus i bPoblacht na Seice ach i dtíortha eile freisin.